# PREASEISIÚINT Uimh. 15/25

Lucsamburg, 10 Feabhra 2025

Suí na Cúirte

## Gealltanas sollúnta triúr Comhaltaí den Choimisiún Eorpach

Le linn shuí na Cúirte an 10 Feabhra 2025, thug triúr comhaltaí den Choimisiún Eorpach an gealltanas sollúnta dá bhforáiltear leis na Conarthaí.

Is iad Maroš Šefčovič, Hadja Lahbib agus Christophe Hansen a thug an gealltanas sollúnta.

Cé nach ndéantar foráil shonrach sna Conarthaí maidir leis an gcaoi a dtabharfar an gealltanas sollúnta, leag an Coimisiún an-tábhacht i gcónaí ar an ngeallanas a thabhairt os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

Is mar a leanas atá an gealltanas sollúnta a thugann Comhaltaí an Choimisiúin:

'I ndiaidh dom a bheith ceaptha mar Chomhalta den Coimisiún Eorpach ag an gComhairle Eorpach, tar éis vóta toilithe ó Pharlaimint na hEorpa, geallaim go sollúnta:

go mbeidh meas agam ar na Conarthaí agus ar an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh i gcomhlíonadh mo dhualgas go léir;

go ndéanfaidh mé mo fhreagrachtaí a chomhlíonadh le neamhspleáchas iomlán, chun leas ginearálta an Aontais;

nach lorgóidh mé nó nach nglacfaidh mé le treoracha ó aon rialtas, institiúid, comhlacht nó gníomhaireacht agus mo chúraimí á gcomhlíonadh agam;

go staonfaidh mé ó aon ghníomh nach luíonn le mo dhualgais nó le comhlíonadh mo churaimí.

Tugaim faoi deara an oibleagáid a leagtar síos sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, trína ngeallann gach Ballstát go n-urramóidh siad an prionsabal sin agus nach ndéanfaidh siad iarracht tionchar a imirt ar chomhaltaí an Choimisiúin i bhfeidhmiú a gcuid dualgas.

Geallaim freisin go n-urramóidh mé, le linn agus tar éis mo théarma oifige, na hoibleagáidí a eascraíonn as sin, go háirithe an dualgas chun bheith ionraic stuama i dtaobh ceapacháin nó sochair áirithe a ghlacadh tar éis dom éirí as oifig.'

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den suí ar fáil ar [shuíomh CVRIA](https://curia.europa.eu).

**Iarscríbhinn**

**Óráid ón Uachtarán Koen Lenaerts**

A chomhaltaí den Choimisiún Eorpach,

A chairde,

Agus tús á chur agam leis an suí sollúnta seo, cuirim, ar son na Cúirte, fáilte chroíúil romhaibh.

Tagann an Chúirt le chéile inniu chun gealltanas sollúnta triúr Comhaltaí den Choimisiún Eorpach nua a ghlacadh, nárbh fhéidir leo freastal ar shuí sollúnta an 27 Eanáir inar thug Uachtarán an Choimisiúin agus fiche Comhalta de an gealltanas sin.

Foráiltear don ghealltanas sollúnta sin le hAirteagal 245 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus is cleachtas seanbhunaithe é go dtugtar an gealltanas sin os comhair na Cúirte Breithiúnais. Tá dé-shiombalachas ag baint leis an gcleachtas seo. Léiríonn sé an tiomantas atá ann maidir le hurraim don dlí, mar shaintréith de chuid an Aontais Eorpaigh agus feidhmiú a institiúidí, lena n-áirítear an Coimisiún. Léiríonn sé freisin tábhacht na gcúraimí atá le cur i gcrích ag an gCoimisiún, chun leas ginearálta an Aontais, i gcomhréir leis na Conarthaí.

Le Cinneadh ón gComhairle Eorpach an 28 Samhain 2024 lena gceaptar an Coimisiún Eorpach, arna léamh le linn an tsuí sollúnta an 27 Eanáir, réitíodh an bealach d'fheidhmiú chumhachtaí an Choimisiúin sin, cumhachtaí a bhronntar air leis na Conarthaí, don tréimhse ón 1 Nollaig 2024 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2029.

Le clár oibre an Choimisiúin nua, a leag an tUachtarán amach cúpla mí ó shin os comhair Pharlaimint na hEorpa, tá sé beartaithe tosaíocht a thabhairt d'Eoraip níos iomaíche, níos athléimnithí agus nach bhfuil ag brath an oiread céanna ar an domhan lasmuigh i ndálaí domhanda dúshlánacha, ina bhfuil athrú ó bhonn ag teacht ar chúrsaí geopholaitiúla, eacnamaíocha, comhshaoil agus teicneolaíochta.

Cuirtear béim freisin ar an ngá atá ann le freagracht agus dlúthpháirtíocht na hEorpa agus cosaint do ghrúpaí leochaileacha den phobal a neartú i sochaí atá ag éirí níos digití.

I measc na bpríomhthosaíochtaí den chlár oibre sin, áirítear freisin cosaint choiteann do luachanna an smachta reachta i gcoinne ionsaithe ón taobh istigh nó ón taobh amuigh den Eoraip, ar bagairt é sin do bhoinn ár gcóras agus ár n-institiúidí daonlathacha.

Léiríonn na tosaíochtaí gníomhaíochta sin an tábhacht a bhaineann leis na cúraimí a leagadh oraibh, faoi seach, a Uasail Šefčovič, don trádáil agus an tslándáil eacnamaíoch, caidrimh idirinstitiúideacha agus trédhearcacht, a Uasail Lahbib, don chomhionannas agus ullmhacht agus bainistíocht ghéarchéime agus a Uasail Hansen, do thalmhaíocht agus bia.

Fágann bhur mbuanna pearsanta, bhur dtaithí ghairmiúil agus an leibhéal ard freagrachtaí a bhí oraibh le linn bhur ngairmeacha beatha go dtí seo gur féidir linn a bheith muiníneach go mbeidh sibh in ann dul i ngleic leis na dúshláin mhóra atá romhaibh le linn an téarma seo agus go n-éireoidh libh aghaidh a thabhairt ar bhur bhfreagrachtaí nua.

Thar ceann na Cúirte agus a comhaltaí, ba mhaith liom comhghairdeas ó chroí a dhéanamh libh agus tá súil agam go n-éireoidh le bhur n-iarrachtaí an Eoraip a athbheochan agus breisluach thionscadal na hEorpa a chur ina luí ar dhaoine, sna hamanna seo nuair nach féidir talamh slán a dhéanamh den tsíocháin a thuilleadh, fiú ar mhór-roinn na hEorpa, mar bhunchloch daingean.